Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Eanáir 2024**
**(OR. en)**

**16888/23**

**AGRI 827**
**AGRILEG 353**
**SEMENCES 119**
**PI 200**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar an Cathaoirleach ar Bhord Achomhairc na hOifige Comhphobail um Chineálacha Plandaí |

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gceaptar an Cathaoirleach ar Bhord Achomhairc na hOifige Comhphobail um Chineálacha Plandaí**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2100/94 ón gComhairle an 27 Iúil 1994 maidir le cearta Comhphobail i ndáil le cineálacha plandaí[1], agus go háirithe Airteagal 47(1) de,

[1] IO L 227, 1.9.1994, lch. 1.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Trí bhíthin an Chinnidh uaithi an 19 Feabhra 2018[2], cheap an Comhairle Paul A.C.E. VAN DER KOOIJ mar Chathaoirleach ar Bhord Achomhairc na hOifige Comhphobail um Chineálacha Plandaí ('an Oifig').

(2) Chuaigh téarma oifige Paul A.C.E. VAN DER KOOIJ in éag an 18 Feabhra 2023.

(3) An 19 Iúil 2023, tar éis tuairim a fháil ó Chomhairle Riaracháin na hOifige, chuir an Coimisiún liosta iarrthóirí arna moladh don phost mar Chathaoirleach na hOifige faoi bhráid na Comhairle,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[2] Cinneadh ón gComhairle an 19 Feabhra 2018 lena gceaptar Uachtarán na hOifige Comhphobail um Chineálacha Plandaí (IO C 65, 21.2.2018, lch. 4).

*Airteagal 1*

1. Leis seo, ceaptar Stefan MARTIN ina Chathaoirleach ar Bhord Achomhairc na hOifige Comhphobail um Chineálacha Planda ar feadh tréimhse 5 bliana.

2. Tosóidh téarma oifige Stefan MARTIN ar an dáta a rachaidh sé i mbun a dhualgas. Déanfaidh an tUachtarán agus Comhairle Riaracháin na hOifige an dáta sin a chomhaontú.

*Airteagal 2*

Tabharfar de chumhacht do Chathaoirleach Chomhairle Riaracháin na hOifige foráil a dhéanamh maidir leis na socruithe uile is gá chun Airteagal 1 a chur chun feidhme.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*